# Plean Freagartha COVID-19

*CIll Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.*
***Fón:*** *095 33613* ***rphost:*** *scoilnaomhciaran@gmail.com*

## Meabhrúchán thábhachtach:

Is doiciméad beo reatha í seo, atá curtha i dtoil a chéile le roinnt seachtainí anuas, ón am ar foilsíodh treoirlínte na Roinne Oideachais i lár an tsamhraidh.

Tá sé de cheart, agus de dhualgas ar Bhainistíocht na scoile aon chuid den doiciméad seo a athrú, a leasú nó a uasdhátú, ag luí lena mbreathnadóireacht féin ar chúrsaí scoile na scoile seo, agus ag luí le treoir nua ó:

- www.gov.ie
- www.dbei.ie
- www.hse.ie
- www.hpsc.ie
- www.hsa.ie
- www.education.ie

Coinneofar ar an eolas sibh go leanúnach maidir le haon leasaithe a dhéantar ar an doiciméad seo.

Le bhur dtoil, tá na nósanna imeachta nua maidir le imeachtaí laethúla na scoile le plé le bhur bpáistí sula dtosaíonn siad ar ais linn. Ní mhór dóibh bheith ar an eolas maidir le céard atá le déanamh acu nuair a thosóidh muid ar ais ar scoil.

## Comhoibriú

Ag teacht leis an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, teastaíonn cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibritheach roinnte idir an Bord Bainistíochta, foireann, daltaí agus tuismitheoirí chun filleadh ar an obair go sábháilte agus go leanúnach. Tá cúnamh agus comhoibriú an fhoireann, na ndaltaí, na dtuismitheoirí / na gcaomhnóirí, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí go léir ríthábhachtach do rath an phlean.

**Déantar gach iarracht cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo a chinntiú.** Mar sin féin, má shainaithnítear earráidí nó easnaimh, cuir sin in iúl dúinn le bhur dtoil, ionas gur féidir bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a cheartú.



## Dáileadh Ranga

**Mar is eol daoibh, is le roinnt seachtainí anuas atá treoirlínte foilsithe ag an Roinn Oideachais ó thaobh athoscailt shábháilte na scoileanna.** Ón am ar cuireadh na treoirlínte seo ós ár gcomhair cupla seachtain ó shin, tá go leor cinnithe dúshlánacha déanta againn i dtaobh struchtúr na scoile, **múinteoirí agus na ranganna a bheidh á múineadh acu ina measc seo.**

Tá sé cinnithe gur ar leas daltaí agus foireann na scoile atá sé na hathruithe ranga seo a ndéanamh **anois**, chun cinntiú go bhfuil **sláinte agus sábháilteacht** ár ndaltaí agus ár bhfoireann ar bharr réime againn.

Tá sé ríthábhachtach meabhrú go bhfuil an féidearthacht ann go dtiocfadh athrú ar rothlú foirne arís **i rith na bliana**, mar shampla sa chás go bhfaighfidh ball foirne tinn, nó má chaitheann ball foirne imeacht ar scor ón obair **ar chúinsí fíor ard-riosca sláinte.**

**Seo mar a leanas a bheidh na ranganna á ndáileadh don tréimhse amach romhainn:**

| |
|---|
| **Rang Sonas** – Máistreás Nóra |
| **Na Bunranganna** – Máistreás Éabha |
| **Na hArdranganna** – Máistreás Cáit |
| **Tacaíocht Foghlama** – Máistreás Eilís |

Is scoil bheag muid, agus tá aithne ag na gasúir ar gach múinteoir. Beidh deis ag gach múinteoir an caidreamh atá acu leis an rang a bhí aici anuraidh a choinneál agus a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla as seo amach.



## Comhairle ghinearálta chun scaipeadh an víris a chosc i Scoil Naomh Ciarán

Déanfaidh an scoil cinnte go gcuirfear fáisnéis suas chun dáta maidir leis an víreas faoi bhráid pobal na scoile chun eolas ar an an víreas a scaipeadh. Déanfar an t-eolas seo a scaipeadh ar shuíomh idirlíon na scoile sula bhfileann gach duine ar ais ar scoil.

Meabhraítear do thuismitheoirí / caomhnóirí **gan** a bpáistí a chuir ag an scoil má tá siomptóim d'ionfhabhtú riospráide víreasach orthu nó air aon duine ina dteaghlach.

Iarrtar freisin at thuismitheoirí / caomhnóirí gan páiste a sheoladh ag an scoil má tá baol nó má tá sé deimhnithe go bhfuil Covid 19 ar duine ina dteaghlach **nó** má tá siad aimnithe mar theagmhál gaolmhar do dhuine leis an víreas.

Coimeádaimid an ceart i Scoil Naomh Ciarán **cead isteach sa scoil a dhiúltú** má fheictear dúinn go bhfuil siomptóm ionfhabhtú riospráide víreasach nó má tá fiabhras ar pháiste.

Más é bhur dtoil é, meabhraigh do bhur bpáistí **nach bhfuil cead casacht nó sraoth i dtreo aon duine, fiú ar bhealach magúil.** Má tharlaíonn a leithid beifear ag cur nóta / glaoch abhaile ag tuistí. Ní cúis magadh ná gaire é Covid-19 ná aon tinneas eile.

## Meabhrúchán Oifigiúil an Rialtais d'aon duine atá ag freastal ar scoil, a thaistil thar lear le cupla lá anuas

Tá an rialtas fós ag moladh do dhaoine gan taisteal thar lear, ag luí le comhairle oifigiúil sláinte poiblí. Tá sé de dhualgas ar aon duine a thagann isteach go hÉireann ó thíortha seachas iad siúd atá "gnáthchúraim" (glas) acu, srian a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí ar feadh 14 lá, agus áirítear leis seo foireann na scoile, tuismitheoirí agus daltaí na scoile.

Is gá fanacht istigh i suíomh amháin ar feadh 14 lá agus teagmháil shóisialta le daoine eile a sheachaint a oiread agus is féidir. Le bhur dtoil, más rud é go raibh aon duine thar lear le píosa anuas, déan cinnte go bhfuil an tréimhse 14 lá caite agaibh i gcoraintín sula dtagann sibh ar ais ar scoil.

# Nósanna Imeachta Nua Laethúla

**Le bhur dtoil, tá na nósanna imeachta seo le plé le bhur bpáiste(í). Bídís ar an eolas agus iad ag teacht isteach ar scoil ar an 31ú Lúnasa.**

## Maidin Oscailte na Naíonáin Bheaga

- *Beidh Máistreás Éabha ar scoil ar Dé hAoine, 28ú Lúnasa ón 11:00 r.n go 12:00 i.n chun castáil le na Naíonáin Bheaga nua.*

- *Bheadh sé go deas go mbeadh deis ag na Naíonáin nua an scoil a fheiceál agus aithne a chur ar chairde nua, agus Máistreás Éabha.* **Tá cead ag na gasúir a gculaith scoile a chaitheamh & deoch a thabhairt leo sna málaí. Níl cead earraí pearsanta ar nós bréagáin srl.**

- *Is féidir le tuismitheoirí páirceáil síos an cnoc mar is iondúil, agus seasamh ag an gcarr le bhur bpáiste.*

- *Baileoidh Máistreás Éabha na gasúir ag an taobh-gheata. Le bhur dtoil, beidh mascanna le caitheamh ag gach duine fásta.*

- *Tá fíor-aifeála orainn, ach ní féidir le tuismitheoirí theacht isteach ar láthair na scoile ar an lá seo. Mar a sheasann sé, ní féidir níos mó ná seisear (6) duine fásta in aon seomra ag an am chéanna.*

## Dáta athoscailte na scoile

- **Críochnaíonn lá scoile na Naíonáin Bheaga ag 12:30 i.n** *ar feadh an chéad choicís ar scoil. Ag tosú Dé Luain 14ú Meán Fómhair, beidh siad ag dul abhaile ag 2:00 i.n, mar is gnáth.*

- **Beidh an scoil ag athoscailt ar an 31ú Lúnasa ag 9:20 r.n.** *Áfach, ní féidir le tuismitheoirí theacht isteach ar láthair na scoile, tuismitheoirí na Naíonáin Bheaga san áireamh, chun deis scaipeadh an víris a laghdú.* **Tá brón ó chroí orainn faoi seo,** *ach ní féidir linn aon eisceachtaí a dhéanamh.*

- **Beidh an scoil ag dúnadh le haghaidh leath lae ag 12:30 i.n. ar An Aoine, 4ú Meán Fómhair.** *Beidh cruinniú foirne ag na Múinteoirí & Cúntóirí riachtanais speisialta. Tabharfaidh sé seo deis d'fhoireann na scoile meastóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta atá ag obair/ nach bhfuil ag obair.*

Beidh slí isteach dhifriúil ag an dá rang, mar a leanas

Ag luí le treoracha na Roinne Oideachais, tá sé mar aidhm againn teagmháil idir ranganna a sheachaint.

**Beidh na hArdranganna ag úsáid an taobh dhoras ranga** chun dul isteach agus amach as an scoil as seo amach. Caithfidh siad siúl isteach an taobh gheata, níl cead geata an príomh bhóthair a úsáid níos mó.



**Beidh na Bunranganna ag úsáid an príomhdhoras chun dul isteach agus amach** as an scoil as seo amach. Caithfidh siad siúl isteach an taobh gheata, níl cead geata an príomh bhóthair a úsáid níos mó.



Nuair a thagann na gasúir isteach, caithfidh siad a gcuid cótaí a chrochadh le spás amháin idir gach cóta, agus ansin a gcuid lámha a níochán.

Beirt amach ag an am chun na lámha a níochán. **Tá róta níochán láimhe curtha i dtoil a chéile againn,** a chinnteoidh nach mbeidh ach beirt as gach rang ag dul amach chun na lámha a níochán ag aon am amháin.

**Tá dhá dhoirteal nua againn sa phasáiste** anois chun go mbeidh níos mó deiseanna níochán láimhe ag na gasúir sa scoil.



**Chun meascadh na ranganna a sheachaint ar maidin,** tá crúcaí na gcótaí i seomra na hArdranganna anois. Ní bheidh na hArdranganna ag crochadh a gcuid cótaí sa phasáiste níos mó.

**Tá crúcaí cótaí na mBunranganna** san áit céanna a bhíodar anuraidh. Beidh spás le fágáil idir na cótaí.



## Ag Teacht ar scoil ar maidin

- Glacfar le páistí idir 9:10 agus 9:20 ar maidin. Beidh múinteoir ag seasamh ag an ngeata chun gasúir a threoiriú isteach go dtí gcuid ranganna. Scaoilfear isteach na gasúir duine ar dhuine, 1m amach óna chéile.

- Is í an aidhm atá againn ná scata daoine ag an ngeata a sheachaint. Mar sin iarraimid ar thuistí fanacht ina gcarranna. Is féidir le na gasúir theacht amach as an gcarr nuair a fheicfidh siad ball foirne ag seasamh ag an taobh gheata. Iarrtar ar ghasúir seasamh ag an gcarr go dtí go nglaofar orthu. (Beidh siad ag dul isteach duine ar dhuine.)

- Ní bheidh aon am spraoi ar maidin níos mó, chun deis scaipeadh an víris a laghdú. Déanfar athbhreithniú ar seo ag an am cuí.

- Beidh an múinteoir ranga ag seasamh ag an doras cuí, chun na gasúir a ghlacadh.

- Déanfar athbhreithniú ar an méid thuas ag brath ar ghéarú / laghdú srianta an Rialtais maidir le COVID-19.

## Ag dul abhaile tráthnóna nó ag imeacht ón scoil i rith an lae

- **2:00 i.n; Am Abhaile na Naíonáin:** Siúlfidh an Múinteoir nó CRS amach le na páistí go dtí an taobh gheata. Is féidir le tuistí páirceáil síos an cnoc mar is gnáth. Iarrtar ar thuistí seasamh ag a gcarr féin agus fanacht le na bpáiste féin.

- **Na hArdranganna:** Beidh an modh céanna i gcéist leis na hArdranganna ar a 3:00 i.n.

- **Bus Scoile:** Ba chóir meabhrú do na gasúir gur cheart dóibh suí amach óna chéile, (chomh fada agus is féidir) le spás suíochána idir chuile pháiste.

- **Ag dul abhaile luath ar chúiseanna áirithe:** Iarraimid ar thuismitheoirí / caomhnóirí gan theacht isteach ar láthair na scoile sa chás seo. Má tá páiste le bailiú agaibh i rith an lá scoile, iarraimid oraibh glaoch a chur ar **fhón póca** na scoile agus tiocfaidh CRS amach ag an taobh-gheata leis an bpáiste.

## Scaradh Shóisialta sa scoil: Bolgáin Ranga

- Is éard atá i gceist le bolgán ná **an rang**. Beidh dhá bholgán i scoil s'againne, is iad sin na Bunranganna agus na hArdranganna. Áirítear Rang Éabha & Rang Nóra sna Bunranganna.

- Tuigtear nach féidir le páistí óga scaradh sóisialta a chleachtadh, mar sin beidh Naíonáin Bheaga go Rang a 2 i mbolgán astú féin.

- Sna hArdranganna ba cheart achar d'aon mhéadar amháin a bheith idir pháistí rang a 3 - 6. Tá sé molta go mbeadh na páistí seo ina suí ar chaon taobh den bhord. Is bolgán astú féin iad an rang seo freisin.

- Ní bheidh cead ag na ranganna meascadh ar an gclós chun deis scaipeadh an víris a laghdú.

## An Clós

- **Ní bheidh aon athrú ag teacht ar chlár ama an chlóis.** Beidh na gasúir ag spraoi taobh amuigh ón 11:00 – 11:20 r.n agus arís ón 1:00 – 1:20 i.n.

- **Beidh gá na bolgáin (ranganna) a choinneál scartha.** Dá bhrí sin, beidh an clós roinnte ina zóin chun cinntiú nach mbeidh na bolgáin ag meascadh.

- **Beidh athruithe ar na zóin seo go rialta** chun deis a thabhairt do na gasúir spraoi in áiteanna difriúil le linn na seachtaine.

- **Nuair atá am sosa / spóirt thart beidh gá do na páistí dul isteach ina gcuid línte.** Beidh spotaí péinte ar an bPáirc ó thuaidh, agus seasfaidh na páistí orthu. (1m óna chéile)

- **Rachaidh siad isteach sa scoil ansin duine ar dhuine, tríd an doras atá leagtha amach do gach rang.** Meabhrófar do na gasúir a gcuid lámha a níochán tar éis gach briseadh taobh amuigh.

- **Mar atá luaite i bPolasaí Cumarsáide na scoile,** áfach ní féidir le tuismitheoirí/ caomhnóirí comhrá a dhéanamh le múinteoirí agus iad i mbun dualgas clóis.

## Sa chás go bhfuil páiste as láthair ón scoil ar feadh tréimhse de bharr tinneas

- Cuirfear obair scoile abhaile ag tuismitheoirí an pháiste tríd an aip SeeSaw. Áirítear obair an Mhúinteoir Tacaíocht Foghlama anseo freisin.

- Beidh gá bheith aireach go bhfuil na múinteoirí ag obair ar scoil ón 9 – 3 i.n, agus ní bheidh siad ar fáil le haghaidh cumarsáid ar líne idir na huaireanta sin.

- Má thárlaíonn tréimhse dianghlasála arís, leanfar ar aghaidh le hObair a chur abhaile tríd an aip SeeSaw.

# Ag Laghdú Scaipeadh COVID-19

## Dea-chleachtais Níochán & Díghalrú láimhe a chur chun cinn

- **Beidh póstéir ar fud na scoile** ag moladh an dea-chleachtais seo.
- **Déanfar ceachtanna le linn an chéad cupla lá ar ais,** ina dtaispeánfar an bealach atá molta ag an WHO chun na lámha a níochán.
- **Seolfar fís ón WHO ag taispéaint cén chaoi na lámha a ghlanadh i gceart chuig na tuistí,** rud a bheidh siad in ann a chleachtadh lena bpáistí sula bhfileann siad ar an scoil.
- **Beidh fearas díghalraithe taobh amuigh do chuile sheomra** agus beidh siad le húsáid tar éis murlán dorais a úsáid.
- **Beidh pacáiste dí-ghalraithe ag gach páiste,** déanfar aird na ngasúir a tharraingt orthu go mion minic ábhar an mhála a úsáid, agus ní bheidh cead acu é a thabhairt abhaile – caithfidh sé fanacht ar láthair na scoile. Ár míle buíochas le Coiste na dTuismitheoirí a chabhraigh linn ina thaobh seo.
- **Ba cheart do dhaltaí agus foireann na scoile na lámha a níochán ag na hamanna seo:**
  - nuair a thagann siad ar scoil,
  - roimh ithe/ól,
  - tar éis an leithreas a úsáid,
  - tar éis a bheith ag spraoi taobh amuigh / ceachtanna Corp Oideachais (daltaí & foireann atá i bhfeighil)
  - tar éis dromchla a ghlanadh síos nó seomra / bréagáin a ghlanadh (foireann)
  - nuair a dhéanann siad sraoth nó casacht
  - Sula bhfágann siad an scoil tráthnóna.



## Ag laghdú scaipeadh trí úsáid fearais/áiseanna

Tá sé molta nár cheart do mhúinteoirí agus páistí a bheith ag roinnt a gcuid rudaí pearsanta, mar sin tá na socruithe seo a leanas beartaithe againn. Tá na rudaí seo curtha ar fáil ag an scoil, agus ní bheidh cead ag na gasúir iad a thabhairt abhaile leo.

- **Beidh fillteán plaisteach "Mesh" ag gach páiste** ina gcuirfear a gcuid leabhair & cóipleabhar scoile. Coinneoidh siad an fillteán seo sa gciseán atá faoin mbord acu. Le bhur dtoil, meabhraigh do na gasúir a gcuid rudaí pearsanta a choinneál sa gciseán faoin mbord, agus an mála scoile srl a choinneál néata.

- **Tá cás peann luaidhe ceannaithe ag an scoil do chuile pháiste, chomh maith na rudaí seo a leanas:** réimse leathan pinn, pinn luaidhe, barradóirí, rialóirí, scriosáin, dathanna, siosúir, gliú, scuab péint phearsanta, bosca mhatamaitice srl. <u>Áfach, ní bheidh aon chead acu na rudaí seo a roinnt lena chéile. Caithfidh na gasúir bheith cúramach agus aireach dá gcuid rudaí pearsanta.</u>

- Ní bheidh aon rud ag dul idir an scoil agus an baile seachas an bosca lóin, buidéil uisce, & an dialann obair bhaile.

- **Le haghaidh obair bhaile,** tá sé molta go mbeadh cás peann luaidhe & dathanna eile sa mbaile. Ní bheidh cead ag na gasúir a gcuid cásanna peann luaidhe féin a thabhairt ar scoil, áirítear ansin bréagáin nó

- **Déanfar díghalrú ar aon áiseanna múineadh** a bheidh gá a roinnt (mata, eolaíocht, corp oideachas srl) tar éis gach úsáid.

## Ag laghdú scaipeadh: An Feadóg Stáin & Amhránaíocht

- Áfach, caithfimid bac a chur ar sheinm an fheadóig stáin nó aon ghaoth úirlisí eile, go dtí go bhfaighfidh muid níos mó eolais maidir le sláinte agus sábháilteacht, chun deis scaipeadh an víreas tríd an aer a laghdú.

- Maidir le hAmhránaíocht, beidh seo ceart go leor ach fanacht ar fhaid 1m óna chéile.

- Faraor, ní bheidh muid in-ann cleachtadh Cóir Scoile a bheith againn go dtí go mbeidh níos mó eolais againn maidir le sláinte agus sábháilteacht i dtaobh an scaradh sóisialta.

## Ag laghdú scaipeadh: Aeráil na Seomraí

- *Tá sé molta go ndéanfar aerú ar na seomraí go rialta, chun scaipeadh an víris a laghdú.*

- *Beidh fuinneoga oscailte ar laiste le linn ceachtanna, agus osclófar amach iad nuair atá na gasúir amuigh ag spraoi, chun na seomraí a aerú.*

- *B'fhéidir go mbeadh sé beagáinín fuar sa rang tar éis am spraoi, dá bhrí sin moltar go mbeadh veist ar pháistí faoi na t-léinte, agus seaicéidín éadrom "fleece" ar fhaitíos go mbeidís fuar. Bíodh cóta acu freisin mar is gnáth.*

## Obair Bhaile

- **Ní bheidh aon Obair Bhaile sa gcéad choicís ar ais,** *seachas léitheoireacht agus táblaí ó bhéal, chun deis a thabhairt do na múinteoirí & na daltaí dul i ngleic le na córais nua sa scoil, chomh maith leis an aip SeeSaw.*

- **Ní bheidh an Club Obair Bhaile ar siúl sa scoil go dtí go dtiocfaidh laghdú ar srianta an COVID-19.** Coinneoidh muid ar an eolas sibh maidir le aon laghdú srianta.

- **Beidh na gasúir ag úsáid a nDialann Obair Bhaile gach lá chun obair bhaile a scríobh.** *Gach maidin, baileoidh an Múinteoir/CRS na dialainn agus déanfar díghalrú orthú le sprae díghalraithe.*

- **Tábhachtach:** *Tá leabhra a bheidh á n-úsáid le haghaidh OB* <u>*le fágail sa bhaile*</u>*. Ní bheidh aon leabhar ag dul idir an scoil agus an baile le linn an chéad choicís, seachas an Dialann Obair Bhaile.*

- **Ceartú Obair Bhaile: Ag tosú ar an 14ú Meán Fómhair.** *Beidh SeeSaw á úsáid le hObair Bhaile a roinnt idir an scoil agus an baile. Beidh pictiúr den OB a dhéantar sa mbaile le huaslódáil ag tuismitheoirí/gasúir ar an aip* <u>*SeeSaw*</u>*. Coinneoidh an múinteoir súil ar Seesaw agus ceartófar an obair bhaile nuair atá deis ag an múinteoir.*

- **N.B: Cinntigí, le bhur dtoil, go bhfuil clúdach phlaisteach ar na leabhra ar fad,** *mar beidh díghalrú le déanamh ar leabhar ar scoil. Moltar iad a díghalrú sa mbaile freisin.*

- **Leabhra Leabharlainne:** *Is féidir le na páistí leabhar as an leabharlann ranga a úsáid, ach beidh gá aon leabhar a bhí in úsáid a fhágáil go leataobh i mbosca dúnta, ar feadh 72 uair an chloig sula mbainfear úsáid as arís. Beidh cead acu 2 leabhar a phiocadh ar an Luain, mar beidh siad le n-úsáid le haghaidh "DEAR Time" srl i rith na seachtaine. Caithfidh na gasúir na*

leabhra a choinneál ina gciseáin ag an mbord. Ansin, caithfidh siad dul sa mbosca aonrúcháin ar an Aoine.

- Ní bheidh cead ag na gasúir cruinniú le chéile ag an leabharlann, caithfidh siad dul suas duine ar dhuine.

## Na Leithris & Dlúthchúram Leanaí

- **Tá deireadh ag teacht le sean chleachtais an leithris a bhí ann le blianta anuas i SNC. Ní bheidh aon mheascadh bolgáin (ranganna) níos mó.**

- **As seo amach**, beidh Bolgán na Naíonáin Bheaga - Rang a 2 agus an Seomra Sonas ag úsáid an leithreas a bhíodh á úsáid ag na buachaillí.

- Beidh an leithreas a bhíodh in úsáid ag na cailíní á úsáid ag Bolgán Rang a 3 - Rang a 6.

- **Beidh cubhachail amháin do na cailíní agus cubhachail eile do na buachaillí laistigh de na leithris seo.**

- Ní bheidh cead ach ag duine amháin an leithreas a úsáid ag aon am chun scaradh sóisialta a chinntiú. Beidh gá do na múinteoirí/CRS ranga cinntiú nach bhfuil ach páiste amháin ag dul amach ag an am.

- Rachaidh na páistí ag an leithreas mar is gnáth le linn ranganna, ach ní bheidh cead isteach i bhfoirgneamh na scoile acu i rith am lóin, go díreach mura bhfuil gear-ghá leis nó i gcás éigeandála. Dá bhrí sin, caithfidh gach páiste dul ag an leithreas roimh nó tar éis am spraoi taobh amuigh.

- **Dlúthchúram Leanaí:** Is iondúil go mbíonn timpistí leithris ag gasúir óga. Moltar fó-éadaí, stocaí, bróga agus treabhsar bhreise a chur isteach ar scoil i mála bheag le do pháiste, agus coinneofar na héadaí breise seo sa seomra stórais.

- **I gcásanna timpiste leithris agus i gcásanna go bhfuil dlúth-cabhair ag teastáil ó pháiste tar éis timpiste leithris,** beidh beirt dhaoine fásta i bhfeighil, múinteoir agus CRS nó dhá múinteoir nó dhá CRS. Tá gá do mhúinteoirí / CRS miotóga, masc, naprún agus scáthlán a chaitheamh sna cásanna seo.

- **Laethanta Báistí:** sa chás go bhfuil sé ag báisteach ag am spraoi, beidh gá do mhúinteoirí ranga agus CRS fanacht lena mbolgán féin chun feitheoireacht a dhéanamh le linn am spraoi. Ní bheidh cead ag na bolgáin meascadh in aon seomra amháin.

- Cuirfear leabhra/ ábhar ealaíne / físeáin nó ceol Gaeilge ar siúl ar laethanta báistí. Déanfaidh an CRS díghalrú ar aon leabhra/ ábhair ealaíne tar éis am lóin.

## Éide Scoile

- Ba chóir go mbeadh dhá gheansaí / treabhsar / sciorta / t-léine ag gach páiste, agus iad a rothlú gach dara lá.
- Ní mhór an t-éadach seo a níochán ag teocht ard.

## Deochanna

- Má tá tart ar ghasúr agus a mbuidéal féin ólta acu (go háirithe tar éis ceacht corp oideachais) líonfaidh an Múinteoir / CRS buidéal an pháiste le huisce ón gcistin. Moltar builéal mór uisce a bheith agat ar scoil, nó dhá bhuidéal beag.

## Sláinte a sheiceáil gach maidin: Daltaí & Foireann

**Cén uair ar chóir duit do pháiste a choinneál sa mbaile agus glaoch ar do dhochtúir?**

1. Má tá siomptóim acu d'ionfhabhtú riospráide víreasach:

    i. Teocht de 38 céim nó níos mó
    ii. Casacht nua
    iii. Gan in-ann boladh a fháil
    iv. Gan in-ann blas a fháil, nó athrú ar bhlas
    v. Gearranáil

2. Má bhí do pháiste i ngar theagmháil le duine atá an víreas COVID-19 acu

3. Má tá duine éigin sa teach atá amhras ann fúthú, nó go bhfuil fios ann go bhfuil COVID-19 orthu

4. Má tá imní ort faoi do shláinte nó sláinte do chlann, cur glaoch ar do dhochtúir láithreach bonn.

5. Má thárlaíonn sé go bhfuil cás COVID-19 sa scoil, cuirfear pobal na scoile ar an eolas maidir le seo ag luí le treoir oifigiúil An Rialtais. Bíodh le fios go bhfuil cearta rúndachta an duine atá tinn ríthábhachtach i gcás mar seo.

## Leigheas

- Iarrtar ar thuistí má bhíonn fiabhras ar do pháiste ar maidin **gan iad a chur ar scoil**, agus comhairle a fháil ón dochtúir.

- **Níor chóir** triáil teocht an pháiste a ísliú le Calpol / Nurofen nó aon chóir leigheas eile, agus ansin iad a chur ar scoil.

- Dá ndéanfaí é seo agus gur COVID-19 a bhí ag an bpáiste, bheadh baol mór ann go scaipfeadh an víreas ar fud na scoile.

- **Bí aireach le bhur dtoil. Má tá do pháiste tinn, coinnigh sa mbaile í/é agus faigh comhairle ón dochtúir.**

## Iarraimis ar Thuismitheoirí / Caomhnóirí:

- Dea-chleachtais na níochán láimhe a chleachtadh sa mbaile.

- Cinntiú go bhfuil lámha agus ingne glan ag na gasúir sula dtagann siad ar scoil chuile mhaidin.

- Cinntiú nach bhfuil do pháiste ag tabhairt aon rud ar scoil seachas an bosca lóin, uisce agus dialann obair bhaile. Níl cead bréagáin/rudaí beaga pearsanta a thabhairt isteach ar scoil.

## Ag déileáil le cás amhrasta de Covid-19

**Níor chóir d'fhoireann ná do dhaltaí freastal ar scoil má tá aon comharthaí de Covid-19 acu.** Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar an gcaoi a ndéileálfaidh Scoil Naomh Ciarán le cás amhrasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na hoibre.

- Tá Seomra Aonrúcháin taobh istigh d'fhoirgneamh na scoile. Beidh dhá shuíochán ann, atá dhá mhéadar scartha amach óna chéile.

- Sa gcás go bhfuil beirt nó níos mó ag taispeáint comharthaí an COVID-19, caithfidh siad suí 2m scartha amach óna chéile.

- Tá an Seomra Aonrúcháin coinnithe amach ó bhaill foirne agus ó dhaltaí eile.

- Caithfidh an Oifigeach COVID-19 (Éabha) nó an Leas Oifigeach (Cáit) fanacht leis an bpáiste chun feitheoireacht a dhéanamh san fhaid is atá muid ag fanacht ar thuismitheoir / caomhnóir chun an páiste a bhailiú.

## Focal Scoir

Ba mhaith linn ár gcéad míle buíochas a ghabh le foireann na scoile, atá ag obair go dian le bliain anuas, agus ar ndóigh ó thús na paindéime seo. D'ardaigh siad na seolta agus choinnigh siad an scoil ag imeacht ar a cúrsa. Ar ndóigh, is ag obair le treoir in-athraitheach a bhí siad ach lean siad ar aghaidh, agus cuireadh foghlaim ar líne in oiriúint do na gasúir.

Tá buíochas breise le tabhairt do **Nóra Ní Chadhain**, a thóg dualgaisí an Phríomhoide faoina stiúir agus mise amuigh ar scor. Is Múinteoir, Príomhoide agus Cara den chéad scoth í Nóra, agus gabhaim mo bhuíochas ó chroí léi as gach rud atá déanta aici le bliain anuas ar mhaithe le gasúir, foireann & pobal na scoile seo.

**Ár gcéad míle buíochas freisin le Coiste na dTuismitheoirí,** atá ag obair ar chlós na scoile le cupla seachtain anuas. Bhí go leor obair fhisiciúil i gceist i dtaobh gearradh siar fáltaí ar an mballa thiar, agus an salachar a bhaint. Ceannaíodh sconsa nua freisin chun sláinte agus sábháilteacht ar an gclós a chinntiú. Míle buíochas libh ó chroí, tá obair fíorálainn déanta! Molaimís freisin gasúir na scoile, a chabhraigh leis an gCoiste an clós a chóiriú.

**Is fíor gur tréimhse neamhchinnte í seo ar fud na tíre agus ar ndóigh ar fud an domhain,** ach oibrimís le chéile ar son ár ndaltaí & pobal na scoile, agus le cúnamh Dé tiocfaidh linn.

Guímís athoscailt scoile rathúil ar phobal na scoile uilig. Mór a' bhuíochas libh ar fad as ucht bhur dtuisceana, bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú.

Le meas agus dea-ghuí,

**Éabha Ní Chualáin, Príomhoide** **Mícheál S. Mac Donnacha, Cathaoirleach**